16 – 27 Marta 2026



# Mapáil bhealach an aeir ghlain

## Athraigh do thuras, athraigh do dhomhan

### Am atá de dhíth

30–45 bomaite

### Acmhainní atá de dhíth

- Léarscáil cheantar na scoile
- Pinn luaidhe dhaite nó pinn dhaite

### Gníomhaíocht aonair/grúpa

An dá rud

### Nasc curaclaim

An saol thart orainn

## Cuspóirí

Lena thuigbheáil cad é a imríonn tionchar ar cháilíocht aeir. Lena fhoghlaim cad é mar is féidir le daltaí a dturais chun na scoile a phleanáil le taisteal trí cheantair ina bhfuil cáilíocht mhaith aeir, agus na buntáistí a bheidh aige seo orthu

## Plean don tseisiún

Coincheap na cáilíochta aeir a chur i láthair daltaí. Iarr ar dhaltaí seasamh agus ansin abair le 9/10 fanacht ina seasamh. Is é seo líon na ndaoine ar fud an domhain atá ag análú aer truaillithe.

Spreag daltaí leis an léarscáil i leathanach oibre an dalta a úsáid chun a aithint cad é a imríonn tionchar ar cháilíocht aeir. Ba cheart go mbeadh siad ábalta níos mó ná 10 gcúis a aimsiú. Tabhair am breise do dhaltaí ar an ghníomhaíocht más gá.

Spreag daltaí le smaoineamh fá cad é a d'fhéadfadh cuidiú cáilíocht aeir a fheabhsú e.g. crainn agus páirceanna.

Priontáil léarscáil de cheantar na scoile, molaimid léarscáil saitilíte Google a úsáid. Tabhair amach léarscáil den cheantar áitiúil do gach dalta nó cuir suas ar an chlár bhán í.

Abair le daltaí dul trína leathanaigh oibre le ceantair ina bhfuil cáilíocht mhaith aeir agus, b'fhéidir bealaí nua chun na scoile, a shainaithint.

**Leid** – má tá cuid de na daltaí ina gcónaí i bhfad ar shiúl, abair leo bealaí nua a rianú ón staisiún bus is cóngaraí, nó a bheith ag comhoibriú le dalta eile atá ina chónaí níos cóngaraí don scoil.

## Obair bhreise

Spreag daltaí le pictiúr a tharraingt de dhóigheanna a bhféadfaí a mbealach chun na scoile a dhéanamh níos fearr fiú. B'fhéidir gur mhaith leo níos mó páirceanna, tearmann dúlra, lochán agus eile a chur leis.

Spreag daltaí le meabhairmhapa a chruthú de na buntáistí go léir a d'fhéadfadh duine a mhothú má ghlacann siad bealach chun na scoile trí níos mó ceantar ina bhfuil cáilíocht mhaith aeir.

Is carthanas cláraithe é Walk Wheel Cycle Trust i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (326550), in Albain (SC039263) agus i bPoblacht na hÉireann (20206824)

Leathanach oibre an dalta:

# Mapáil bhealach an aeir ghlain

Athraigh do thuras, athraigh do dhomhan

BIG WALK AND WHEEL
16 – 27 Marta 2026
Walk Wheel Cycle Trust
Headline sponsor SCHWALBE

## Treoracha

### Tasc 1

Amharc ar an phictiúr seo. Tomhas am duit féin ar feadh cúig bhomaite agus faigh amach cé mhéad rud is féidir leat a aimsiú a bheadh ina gcúis le truailliú aeir.

**Roghnach** – úsáid taos súgartha nó lego le haird a tharraingt ar na truailleáin.



Leathanach oibre an dalta:

# Mapáil bhealach an aeir ghlain

## Athraigh do thuras, athraigh do dhomhan

BIG WALK AND WHEEL
16 – 27 Marta 2026
Walk Wheel Cycle Trust
Headline sponsor SCHWALBE

## Tasc 2

Úsáid an léarscáil a chuir do mhúinteoir ar fáil le ceantair ina bhfuil cáilíocht mhaith nó droch-cháilíocht aeir a aimsiú i do chomharsanacht agus cad é mar is féidir leat an bealach is fearr agus is féidir chun na scoile a roghnú. Is féidir seo a dhéanamh go haonarach nó i mbeirteanna.

- An féidir leat do scoil a aimsiú ar an léarscáil? Nuair a bheas sin déanta agat, tarraing ciorcal thart timpeall uirthi. Cad é fá do shráid? Tarraing ciorcal thart timpeall uirthi sin chomh maith.
- Smaoinigh fá fhoinsí éagsúla truailithe i gceantar do scoile, e.g. bóithre gnaitheacha, carrchlóis, monarchana
- Tarraing líne dhearg ar do léarscáileanna mar a bhfuil na bóithre gnaitheacha.
- Anois smaoinigh ar na ceantair ar do léarscail ina mbeidh cáilíocht mhaith nó níos fearr aeir, e.g. spásanna glasa, bóithre ciúine, cosáin chanála. Úsáid peann glas leis na ceantair seo a aibhsiú.
- Tarraing do ghnáthbhealach chun na scoile i ndath éagsúil. An dtéann sé trí cheantair ina bhfuil cáilíocht mhaith nó droch-cháilíocht aeir?
- Déan iarracht bealach eile a aimsiú a d'fhéadfá a ghlacadh chun na scoile, a fhéadfaidh a bheith giota beag níos faide, ach a théann trí níos mó ceantar ar do léarscáil atá aibhsithe glas agat.




Walk Wheel Cycle Trust

Is carthanas cláraithe é Walk Wheel Cycle Trust i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (326550), in Albain (SC039263) agus i bPoblacht na hÉireann (20206824)